2024/2507

27.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2507 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 a mhéid a bhaineann le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach *Xylella fastidiosa* (Wells *et al.*) san Aontas agus ar a leathadh laistigh den Aontas agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1770 a mhéid a bhaineann le liosta na speiceas plandaí nach bhfuil díolmhaithe ón gceanglas maidir le cód inrianaitheachta le haghaidh pasanna plandaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (a), (d), (e), (f), (h), Airteagal 28(2) agus Airteagal 83(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 ón gCoimisiún ([2]) déantar foráil maidir le cosc a chur ar thabhairt isteach *Xylella fastidiosa* (Wells *et al.*) ('an lotnaid shonraithe') i gcríoch an Aontais agus ar a leathadh breise laistigh de chríoch an Aontais.

(2) Ar bhonn na taithí a fuarthas le cur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 ó bhí mí Lúnasa 2020 ann, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar chuid dá fhorálacha.

(3) Tá easpa soiléireachta ann maidir le céannacht na veicteoirí ábhartha le haghaidh na lotnaide sonraithe. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir leis an eolas a fuarthas ó láithreacht na lotnaide sonraithe, ba cheart na veicteoirí ábhartha a shainiú mar fheithidí *Cicadomorpha* arb eol go dtarchuireann siad an lotnaid shonraithe chuig plandaí, nó aon fheithid eile a bhfuil amhras ann go dtarchuireann sí an lotnaid shonraithe chuig plandaí.

(4) Braitheadh an lotnaid shonraithe i bplandaí a léiríonn siomptóim ionfhabhtaithe nach liostaítear mar phlandaí óstacha. Dá bhrí sin, le raon feidhme na suirbhéanna bliantúla de bhun Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 i gcás ina bhfuil amhras ann faoi ionfhabhtú, ba cheart speicis plandaí eile a chumhdach chomh maith le plandaí óstacha. Thairis sin, chun luathbhrath na lotnaide sonraithe a áirithiú, ba cheart a áireamh i raon feidhme na suirbhéanna an fhéidearthacht suirbhé a dhéanamh ar láithreacht na lotnaide sonraithe i veicteoirí.

(5) Thairis sin, i limistéir nach eol an lotnaid a bheith i láthair iontu, bíonn ualach trom ar na Ballstáit nó ar thríú tíortha uaireanta suirbhéanna a dhéanamh chun láithreacht 1 % de phlandaí ionfhabhtaithe a bhrath le leibhéal muiníne 80 % ar a laghad. Dá bhrí sin, ní gá an leibhéal muiníne agus leitheadúlacht an dearaidh a shonrú in Airteagal 2(4), Airteagal 28, pointe (a), agus Airteagal 29, pointe (a). Ina ionad sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit agus ag tríú tíortha leibhéal muiníne agus leitheadúlacht dearaidh na suirbhéanna a dhéantar ina gcríocha a chinneadh, de réir Threoirlínte an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') maidir le suirbhéanna ar *Xylella fastidiosa* ([3]) atá fónta ó thaobh staidrimh de agus rioscabhunaithe.

(6) Chun leibhéal iomchuí cosanta fíteashláintíochta a áirithiú, is gá a shoiléiriú freisin in Airteagal 2, nuair a bhraitear an lotnaid shonraithe i veicteoir, gur cheart dlús a chur le suirbhéanna maidir leis an veicteoir ionfhabhtaithe a aimsiú, chun na plandaí atá ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe a bhrath.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2020 maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach *Xylella fastidiosa* (Wells *et al.*) san Aontas agus ar a leathadh laistigh den Aontas (IO L 269, 17.8.2020, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1201/oj).

([3]) Foilseacháin Tacaíochta de chuid EFSA 2020:EN-1873. 76 lgh. (https://doi.org/10.2903/sp.efsa.2020.EN-1873).

(7) Ba cheart a shonrú, i gcás nach féidir leis an lotnaid shonraithe í féin a bhunú faoin aer, mar gheall ar na dálaí éiceaeráide, seachas na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 a dhéanamh faoin aer, níl siad le déanamh ach sna suíomhanna ábhartha ina bhféadfadh riosca a bheith ag baint le láithreacht plandaí óstacha maidir le leathadh na lotnaide sonraithe go dtí críoch an Aontais.

(8) Thairis sin, i bhfianaise an riosca físeashláintíochta lena mbaineann, is gá a shoiléiriú in Airteagal 4(1), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, nár cheart limistéar críochaithe a bhunú ach amháin nuair a dheimhnítear go hoifigiúil láithreacht na lotnaide sonraithe i bplandaí.

(9) D'ainneoin an ghá atá le suirbhéanna a dhéanamh agus an maolú á chur i bhfeidhm gan limistéar críochaithe a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, tá sé réasúnta an oibleagáid suirbhéanna bliantúla a dhéanamh faoi Airteagal 5(4) den Rialachán sin a laghdú go 1 bhliain amháin. Mar sin féin, chun inchreidteacht na suirbhéanna sin a áirithiú, is gá a léiriú nach mór gurb éard a bheidh iontu samplaí a bhailiú le haghaidh tástála trí úsáid a bhaint as na tástálacha móilíneacha a liostaítear sa Rialachán sin, trí íosleibhéal muiníne agus leitheadúlacht dearaidh na suirbhéanna sin a shonrú.

(10) Le hAirteagal 7(1), pointe (e), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, cuireadh roinnt mearbhaill ar dhaoine le linn a chur i bhfeidhm. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart a shonrú nach gá na plandaí a bhfuarthas toradh diúltach ar thástáil a rinneadh orthu maidir le láithreacht na lotnaidí sonraithe a bhaint.

(11) Ba cheart raon feidhme an mhaolaithe ar Airteagal 7(1), pointí (b), (c) agus (d), dá bhforáiltear in Airteagal 7(3) a leathnú chun seanchrainn nó crainn eile a bhfuil luach sóisialta, cultúrtha nó comhshaoil ar leith acu a chumhdach, chun freastal ar na héilimh shochaíocha maidir leis na crainn sin a chosaint.

(12) Chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní, agus na bearta díothaithe á gcur i bhfeidhm, is iomchuí cead a thabhairt do na Ballstáit gan samplaí a thógáil láithreach ná tástálacha a dhéanamh ar na plandaí sonraithe sin nach bhfuarthas go raibh siad ionfhabhtaithe sa limistéar críochaithe sin le 2 bhliain anuas. Mar sin féin, agus chun an leibhéal iomchuí cosanta físeashláintíochta a áirithiú, is gá na plandaí sin a áireamh i raon feidhme na suirbhéanna atá le déanamh go bliantúil sna limistéir chríochaithe a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201.

(13) Is gá a shonrú in Airteagail 8 agus 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 gur cheart na cóireálacha físeashláintíochta iomchuí roimh bhaint na bplandaí agus lena linn a chur i bhfeidhm go háirithe le linn shéasúr eitilte na veicteoirí. Thairis sin, ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh idir limistéir thalmhaíochta agus limistéir eile in Airteagal 8, toisc gur braitheadh ráigeanna den lotnaid shonraithe i limistéir seachas limistéir thalmhaíochta ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201.

(14) Le hAirteagail 9 agus 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, foráiltear an fhéidearthacht nach scriosfaí adhmad na bplandaí a baineadh i gcás ina ndearnadh cóireálacha físeashláintíochta iomchuí ar an adhmad sin. Is léir ón taithí a fuarthas, áfach, gur gá a shoiléiriú a thuilleadh gur cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go mbeidh an t-adhmad saor ó dhuilleoga agus ó bhrainsí, chun aon riosca go leathfadh an lotnaid shonraithe a chosc.

(15) Tar éis na suirbhéanna a rinneadh de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, dheimhnigh an Phortaingéil nach féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú a thuilleadh i roinnt paróistí i mbardasachtaí Espinho, Gondomar, Maia, Matosinhos, Porto, Santa Maria da Feira agus Vila Nova de Gaia i Réigiún Porto.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart na paróistí sin a chur leis an liosta lena mbaineann de na criosanna ionfhabhtaithe atá faoi imshrianadh, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201.

(17) Is iomchuí an limistéar inar gá suirbhéanna bliantúla a dhéanamh sa chrios ionfhabhtaithe atá cóngarach don chrios maolánach a laghdú ó 5 km go 2 km, i gcás criosanna ionfhabhtaithe atá faoi réir imshrianadh. Leis an laghdú sin ar an limistéar, is fearr a bheifear in ann na hacmhainní atá ar fáil a dhíriú ar leathadh na lotnaide sonraithe a chosc.

(18) Sna criosanna ionfhabhtaithe atá faoi réir imshrianadh, ach lasmuigh den limistéar dá dtagraítear in Airteagal 15(2), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, is iomchuí plandú agus beangú plandaí a cheadú, ar plandaí iad a bhaineann leis an speiceas céanna plandaí, agus a tástáladh agus a fuarthas a bheith saor ón lotnaid shonraithe ar bhonn suirbhéanna a rinneadh sa chrios ionfhabhtaithe le 2 bhliain anuas ar a laghad.

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, ceadaítear gluaiseacht plandaí sonraithe i gcás inar fásadh iad le linn a dtimthrialla táirgthe ar fad i láithreán údaraithe nó i gcás ina raibh siad i láthair i láithreán den sórt sin le 3 bliana anuas ar a laghad. Ba cheart an tréimhse sin a laghdú ó 3 bliana go 1 bhliain, agus na bearta ábhartha atá ann cheana lena ráthaítear go bhfuil na plandaí saor ón lotnaid shonraithe á gcur san áireamh.

(20) Leagtar amach in Airteagal 23 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 na rialacha maidir le gluaiseacht plandaí a fásadh ar feadh cuid dá saol i limistéar críochaithe. Is gá a shoiléiriú, a mhéid a bhaineann le criosanna ionfhabhtaithe, nach mór do na plandaí ceanglais Airteagal 18 a chomhlíonadh freisin, chun bheith comhsheasmhach leis na rialacha sonracha a leagtar amach san Airteagal sin maidir le plandú plandaí sonraithe sna criosanna sin.

(21) An ceanglas maidir le húdarú an láithreáin a bheith faoi chosaint fhisiceach, is iomchuí é a bhaint as Airteagal 24(1), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, toisc go gcumhdaítear é cheana leis an gcuid réamhráiteach den Airteagal sin. Thairis sin, agus chun an leibhéal cosanta fíteashláintíochta is airde is féidir a áirithiú, ba cheart a shonrú i bpointe (c) den Airteagal sin, idir an dá chigireacht, gur cheart sampláil agus tástáil a bheith i gceist leis an gceann deireanach ar a laghad.

(22) I gcás *Lavandula angustifolia* Mill., *Lavandula x intermedia* Emeric ex Loisel., *Lavandula latifolia* Medik., *Lavandula stoechas* L. agus *Salvia rosmarinus* Spenn., is léir go raibh siad ionfhabhtaithe arís agus arís eile ag an lotnaid shonraithe agus tugann siad bealach éasca don lotnaid leathadh laistigh de chríoch an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart iad a áireamh sa liosta in Airteagal 25(2), Airteagal 28, pointe (d), agus Airteagal 29, pointe (e), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, ós rud é go bhfuil ceanglais shonracha ann maidir leis na plandaí lena mbaineann an riosca is airde maidir le leathadh na lotnaide sonraithe.

(23) Ionas go mbeidh na hoibreoirí gairmiúla, na húdaráis inniúla agus aon úsáideoir in ann níos mó soiléireachta a fháil maidir leis na pasanna plandaí ar leith a bhaineann leis an lotnaid shonraithe, ba cheart an tásc 'Crios maolánach – XYLEFA' a bheith ag gabháil le pasanna plandaí na bplandaí a aistrítear laistigh de na criosanna maolánacha nó ó chrios maolánach chuig crios ionfhabhtaithe.

(24) Bíonn deacrachtaí ag tríú tíortha téacsanna fada nó cóid fhada a thabhairt isteach sa deimhniú fíteashláintíochta faoin rúibric 'áit tionscnaimh' mar a cheanglaítear le hAirteagal 29, pointe (c), Airteagal 30(1), pointe (c)(ii), Airteagal 30(2), pointe (d)(ii). Chun na treoracha le haghaidh chomhlánú na faisnéise sna deimhnithe fíteashláintíochta a shimpliú, is iomchuí an tásc maidir leis an áit ar gá na sonraí sin a chur isteach sa deimhniú fíteashláintíochta a bhaint.

(25) In Airteagal 32(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, níl an tagairt do phlandaí óstacha ag freagairt do raon feidhme an Airteagail sin, rud a bhaineann le seiceálacha oifigiúla ar ghluaiseachtaí plandaí sonraithe. Dá bhrí sin, ba cheart an tAirteagal sin a cheartú dá réir.

(26) I bhfianaise an chuspóra chun oibleagáidí tuairiscithe agus an t-ualach riaracháin a chuíchóiriú agus a laghdú, ba cheart deireadh a chur leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit, de bhun Airteagal 35(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, plean maidir le bearta áirithe a tharchur chuig an gCoimisiún toisc nár léir go raibh sé úsáideach chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

(27) Ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, nuashonraigh an tÚdarás a bhunachar sonraí de phlandaí le haghaidh plandú, seachas síolta, arb eol go bhfuil siad soghabhálach i leith na lotnaide sonraithe ([4]). Dá bhrí sin, maidir leis na plandaí seo a leanas, ós rud é gur plandaí óstacha iad d'fhospeicis áirithe den lotnaid shonraithe, ní mór iad a áireamh in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201: *Acer granatense* Boiss., *Castanea sativa* Mill., *Chenopodium album* L., *Clinopodium nepeta* (L.) Kuntze, *Cornus sanguinea* L., *Fraxinus angustifolia* Vahl, *Grevillea rosmarinifolia* A. Cunn., *Liquidambar styraciflua* L., *Lonicera periclymenum* L., *Mentha suaveolens* Ehrh., *Pyracantha coccinea* M. Roem., *Senecio inaequidens* Dc.

([4]) Nuashonrú ar bhunachar sonraí plandaí óstacha *Xylella* spp. – cuardach litríochta córasach suas go dtí an 30 Meitheamh 2023. EFSA Journal [Iris *EFSA*] 2023; 21:e8477, DOI: https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8477.

(28) A mhéid a bhaineann leis an ngéineas *Rhamnus* L., is iomchuí an speiceas *Rhamnus alaternus* L. a liostú in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, toisc, de réir nuashonrú an phlanda óstaigh *Xylella* spp. ar bhunachar sonraí an Údaráis, go bhfuarthas nach bhfuil ach an speiceas sin soghabhálach i leith ionfhabhtú le *Xylella fastidiosa* fospeiceas *multiplex*..

(29) Ba cheart *Salvia apiana* Jeps. a bhaint de liosta na bplandaí sonraithe atá soghabhálach i leith *Xylella fastidiosa* fospeiceas *multiplex* in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 toisc gur thuairiscigh na Ballstáit gur phlanda sonraithe é trí bhotún.

(30) Ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, forbraíodh tástálacha móilíneacha nua chun fospeicis na lotnaide sonraithe a chinneadh. Áiríodh na tástálacha sin sa Chaighdeán maidir le diagnóisic ón Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí (EPPO) ([5]) agus rinne an tSaotharlann Tagartha Eorpach iad a bhailíochtú freisin. Dá bhrí sin, ba cheart iad a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201.

(31) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1770 ón gCoimisiún ([6]) liostaítear na plandaí le haghaidh plandú nach bhfuil díolmhaithe ón gceanglas maidir le cód inrianaitheachta i gcás pasanna plandaí dá bhforáiltear in Airteagal 83(2) de Rialachán (AE) 2016/2031. Ba cheart a áireamh ar an liosta sin na plandaí atá ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe a cuireadh le hAirteagal 25(2), Airteagal 28, pointe (d), agus Airteagal 29, pointe (e), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201.

(32) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 agus (AE) 2020/1770 a leasú dá réir.

(33) Maidir le plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta, de *Lavandula angustifolia* Mill., *Lavandula x intermedia* Emeric ex Loisel., *Lavandula latifolia* Medik., *Lavandula stoechas* L. agus *Salvia rosmarinus* Spenn a áireamh faoi raon feidhme Airteagal 25(2), Airteagal 28, pointe (d), agus Airteagal 29, pointe (e), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, agus i liosta na bplandaí lena gceanglaítear cód inrianaitheachta de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1770, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Iúil 2025. Tá gá leis sin chun a ndóthain ama a thabhairt do na húdaráis inniúla agus d'oibreoirí gairmiúla iad féin a chur in oiriúint do na rialacha nua sin.

(34) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(d) ciallaíonn 'veicteoir' feithidí *Cicadomorpha* arb eol go dtarchuireann siad an lotnaid shonraithe chuig plandaí, nó aon fheithid eile a bhfuil amhras ann go dtarchuireann sí an lotnaid shonraithe chuig plandaí.';

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh na Ballstáit suirbhéanna bliantúla ar na plandaí óstacha, agus ar aon speiceas plandaí eile i gcás amhras faoi ionfhabhtú, chun an lotnaid shonraithe a bhrath ina gcríoch. Féadfaidh na suirbhéanna sin veicteoirí a chumhdach freisin.';

([5]) PM7/24(5) *Xylella fastidiosa*. https://doi.org/10.1111/epp.12923.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1770 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2020 maidir le cineálacha agus speicis plandaí le haghaidh plandú nach bhfuil díolmhaithe ón gceanglas maidir le cód inrianaitheachta do phasanna plandaí faoi Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/105/CEE ón gCoimisiún (IO L 398, 27.11.2020, lch. 6, ELI http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1770/oj).

(b) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Sna Ballstáit sin nach féidir leis an lotnaid shonraithe í féin a bhunú faoin aer iontu mar gheall ar na dálaí éiceaaeráide, ní dhéanfar suirbhéanna ach amháin i suíomhanna, seachas faoin aer, ina bhfástar plandaí óstacha agus inar dócha go mbeidh riosca ag baint leo maidir le leathadh na lotnaide sonraithe chuig críoch an Aontais.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Is éard a bheidh i gceist leis na suirbhéanna sin samplaí a bhailiú agus plandaí le haghaidh plandú a thástáil, agus, más infheidhme, veicteoirí a thástáil. Agus Treoirlínte an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) maidir le suirbhéanna ar *Xylella fastidiosa* atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá rioscabhunaithe á gcur san áireamh, fágfaidh dearadh an tsuirbhé agus an scéim samplála a úsáidfear go mbeifear in ann leibhéal íseal láithreachta den lotnaid shonraithe a bhrath laistigh den Bhallstát lena mbaineann le leibhéal leordhóthanach muiníne.

4a. I gcás ina ndeimhnítear láithreacht lotnaide sonraithe i veicteoir, i limistéar nach eol an lotnaid shonraithe a bheith ann, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, gan mhoill, suirbhéanna i nga 400 m ar a laghad timpeall ar an áit inar aimsíodh an veicteoir ionfhabhtaithe, chomh maith le sampláil agus tástáil ar phlandaí óstacha agus ar aon speiceas plandaí eile i gcás ina bhfuil amhras faoi ionfhabhtú.';

(3) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás ina ndeimhnítear go hoifigiúil láithreacht na lotnaide sonraithe i bplandaí, bunóidh an Ballstát lena mbaineann limistéar críochaithe gan mhoill.';

(4) Leasaítear Airteagal 5(4) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) suirbhé bliantúil a dhéanamh, sa limistéar inar deimhníodh láithreacht na lotnaide sonraithe den chéad uair, ar feadh bliain amháin ar a laghad chun a chinneadh an ndearnadh aon phlanda eile a ionfhabhtú agus ar cheart aon bheart breise a dhéanamh;';

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Is éard a bheidh sa suirbhé dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír samplaí a bhailiú le haghaidh tástála agus úsáid á baint as ceann de na tástálacha móilíneacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV. Le dearadh an tsuirbhé agus leis an scéim samplála beifear in ann leibhéal láithreachta 1 % de phlandaí ionfhabhtaithe a shainaithint le leibhéal muiníne 90 % ar a laghad;';

(5) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) plandaí sonraithe, seachas na plandaí dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d), nach ndearnadh sampláil ná tástáil mhóilíneach orthu láithreach.';

(ii) cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

'Na plandaí sonraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (e), a bhfuarthas toradh diúltach ar an tástáil a rinneadh orthu maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe, ní gá iad a bhaint.

De mhaolú ar phointe (e), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan sampláil agus tástáil a dhéanamh láithreach ar na plandaí sonraithe sin nach bhfuarthas go raibh siad ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe sa limistéar críochaithe sin le 2 bhliain anuas, ar bhonn thorthaí na samplála agus na tástála a rinneadh i gcomhréir le pointe (e) agus ar bhonn na suirbhéanna faoi Airteagal 10. Mar sin féin, beidh na plandaí sin faoi réir na suirbhéanna bliantúla a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 10.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'De mhaolú ar phointí (b), (c) agus (d) de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan plandaí sonraithe aonair atá ainmnithe go hoifigiúil mar phlandaí a bhfuil luach stairiúil acu nó crainn a bhfuil luach sóisialta, cultúrtha nó comhshaoil ar leith acu a mbeadh tionchar do-ghlactha ag a leagan nó atá faoi réir rialacha sonracha náisiúnta nó rialacha sonracha de chuid an Aontais maidir lena gcosaint a bhaint, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

Bearta in aghaidh veicteoirí na lotnaide sonraithe

1. Sa chrios ionfhabhtaithe, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann cóireálacha fíteashláintíochta iomchuí i bhfeidhm in aghaidh dhaonra veicteoirí na lotnaide sonraithe ag gach céim den fhorbairt. Go háirithe, cuirfidh sé na cóireálacha sin i bhfeidhm roimh bhaint na bplandaí dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus lena linn, le linn shéasúr eitilte na veicteoirí. Áireofar ar na cleachtais sin cóireálacha éifeachtúla ceimiceacha, bitheolaíocha nó meicniúla in aghaidh na veicteoirí, agus na dálaí áitiúla á gcur san áireamh.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

(a) i limistéir thalmhaíochta, sa chrios ionfhabhtaithe agus sa chrios maolánach, cleachtais talmhaíochta chun daonra veicteoirí na lotnaide sonraithe a rialú, ag gach céim, an tráth is iomchuí den bhliain, gan beann ar bhaint na bplandaí lena mbaineann;

(b) i limistéir seachas limistéir thalmhaíochta, sna criosanna ionfhabhtaithe ar a laghad, bearta chun daonra veicteoirí na lotnaide sonraithe a rialú, ag gach céim, an tráth is iomchuí den bhliain, gan beann ar bhaint na bplandaí lena mbaineann;

Áireofar sna cleachtais talmhaíochta dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír agus sna bearta dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír cóireálacha éifeachtúla ceimiceacha, bitheolaíocha nó meicniúla in aghaidh na veicteoirí, de réir mar is iomchuí, agus na dálaí áitiúla á gcur san áireamh.'

(7) in Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3. Nuair a chinnfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gan an t-adhmad dá dtagraítear i mír 2 a scriosadh, fíoróidh sé go bhfuil sé saor ó dhuilleoga agus ó bhrainsí.';

(8) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann cóireálacha fíteashláintíochta iomchuí i bhfeidhm ag gach céim d'fhorbairt dhaonra veicteoirí na lotnaide sonraithe i gcás na bplandaí dá dtagraítear in Airteagal 13(1) sula mbainfear iad, go háirithe le linn shéasúr eitilte na veicteoirí, agus timpeall ar na plandaí dá dtagraítear in Airteagal 13(2). Áireofar ar na cóireálacha sin cóireálacha éifeachtúla ceimiceacha, bitheolaíocha nó meicniúla in aghaidh na veicteoirí, agus na dálaí áitiúla á gcur san áireamh.'

(9) in Airteagal 15(2), sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) laistigh de limistéar atá 2 km ar a laghad ó theorainn an chreasa ionfhabhtaithe leis an gcrios maolánach;';

(10) in Airteagal 16, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3. Nuair a chinnfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gan an t-adhmad dá dtagraítear i mír 2 a scriosadh, fíoróidh sé go bhfuil sé saor ó dhuilleoga agus ó bhrainsí.';

(11) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) plandaítear nó beangaítear na plandaí sonraithe sin sna criosanna ionfhabhtaithe a liostaítear in Iarscríbhinn III, ach lasmuigh den limistéar dá dtagraítear in Airteagal 15(2), pointe (a), agus baineann siad, más féidir, le cineálacha a measúnaíodh a bheith frithsheasmhach nó fulangach i leith na lotnaide sonraithe nó baineann siad leis an speiceas céanna plandaí a tástáladh agus a fuarthas a bheith saor ón lotnaid shonraithe ar bhonn suirbhéanna a rinneadh sa chrios ionfhabhtaithe le 2 bhliain anuas ar a laghad;

(c) baineann na plandaí sonraithe sin leis an speiceas céanna plandaí a tástáladh agus a fuarthas a bheith saor ón lotnaid shonraithe ar bhonn na ngníomhaíochtaí suirbhéireachta a rinneadh le 2 bhliain anuas ar a laghad i gcomhréir le hAirteagal 10 agus athphlandaítear iad sna criosanna ionfhabhtaithe a bunaíodh chun críche a ndíothaithe;';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(d) féadfar plandaí sonraithe seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (b) a phlandú chun críoch eolaíoch ar choinníoll go bplandaítear iad lasmuigh de na limistéir dá dtagraítear in Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, pointe (a).';

(12) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) fásadh na plandaí sonraithe feadh a dtimthrialla táirgthe ina iomláine i láithreán a údaraíodh i gcomhréir le hAirteagal 24 nó tá siad i láthair i láithreán den sórt sin le 1 bhliain amháin anuas ar a laghad;';

(13) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) fásadh na plandaí sonraithe i láithreán a bhaineann le hoibreoir atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus i gcás crios ionfhabhtaithe, comhlíonann an láithreán ceanglais Airteagal 18;';

(14) in Airteagal 24(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) is láithreán é atá cosanta go fisiceach ar an lotnaid shonraithe agus ar a veicteoirí;

(c) rinne an t-údarás inniúil dhá chigireacht ar a laghad air gach bliain an tráth is iomchuí, agus áiríodh sa chigireacht dheireanach sampláil agus tástáil chomh gar agus is féidir do thráth na gluaiseachta.';

(15) in Airteagal 25(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'De mhaolú ar mhír 1, plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta, ó *Coffea* L., *Lavandula angustifolia* Mill., *Lavandula dentata* L., *Lavandula x intermedia* Emeric ex Loisel., *Lavandula latifolia* Medik., *Lavandula stoechas* L., *Nerium oleander* L., *Olea europaea* L., *Polygala myrtifolia* L., *Prunus dulcis* (Mill.) D.A.Webb agus *Salvia rosmarinus* Spenn. ní féidir iad a aistriú den chéad uair laistigh de chríoch an Aontais ach i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas, agus sa chás sin amháin:';

(16) in Airteagal 27, an dara mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) i gcás ina n-aistreofar iad laistigh den chrios maolánach, nó ón gcrios maolánach isteach sa chrios ionfhabhtaithe, áireofar an tásc 'Crios Maolánach – XYLEFA' in aice leis an gcód inrianaitheachta dá dtagraítear i mír 1 (e) de Chuid A d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031.';

(17) Leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) chuir eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí an tríú tír lena mbaineann in iúl i scríbhinn don Choimisiún gurb eol nach bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair sa tír sin ar bhonn cigireachta, samplála agus tástáil mhóilíneach arna ndéanamh ag an údarás inniúil, agus úsáid á baint as tástáil a liostaítear in Iarscríbhinn IV, agus i gcomhréir le CIBF Uimh. 4 (*) agus Treoirlínte an Údaráis maidir le suirbhéanna *Xylella fastidiosa* atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá rioscabhunaithe á gcur san áireamh, tá dearadh an tsuirbhé agus an scéim samplála a úsáidtear in ann leibhéal íseal láithreachta na lotnaide sonraithe a shainaithint le leibhéal leordhóthanach muiníne;';

_____

(*) CIBF Uimh. 4 'Ceanglais maidir le limistéir atá saor ó lotnaidí a bhunú'.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta, ó *Coffea* L., *Lavandula angustifolia* Mill., *Lavandula dentata* L., *Lavandula x intermedia* Emeric ex Loisel., *Lavandula latifolia* Medik., *Lavandula stoechas* L., *Nerium oleander* L., *Olea europaea* L., *Polygala myrtifolia* L., *Prunus dulcis* (Mill.) D.A.Webb agus *Salvia rosmarinus* Spenn. fásadh iad ar láithreán atá faoi réir cigireacht bhliantúil ag an údarás inniúil, agus rinneadh sampláil agus tástáil orthu, a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ag na tráthanna iomchuí chun an lotnaid shonraithe a aimsiú, trí úsáid a bhaint as scéim samplála lenar féidir leibhéal láithreachta plandaí ionfhabhtaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le muinín 80 % ar a laghad;';

(18) Leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) is de thionscnamh limistéar iad na plandaí óstacha ar dhearbhaigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí lena mbaineann go bhfuil sé saor ón lotnaid shonraithe, i gcomhréir le CIBF Uimh. 4 agus ar bhonn suirbhéanna oifigiúla bunaithe ar shampláil agus ar thástáil, agus úsáid á baint as tástáil a liostaítear in Iarscríbhinn IV agus Treoirlínte an Údaráis maidir le suirbhéanna *Xylella fastidiosa* atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá rioscabhunaithe á gcur san áireamh, tá dearadh an tsuirbhé agus an scéim samplála a úsáidtear in ann leibhéal íseal láithreachta na lotnaide sonraithe a shainaithint le leibhéal leordhóthanach muiníne;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) tá deimhniú fíteashláintíochta ag gabháil leis na plandaí óstacha ina luaitear gur chaith siad a saolré iomlán sa limistéar dá dtagraítear i bpointe (a), le tagairt shonrach d'ainm an limistéir sin;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta, ó *Coffea* L., *Lavandula angustifolia* Mill., *Lavandula dentata* L., *Lavandula x intermedia* Emeric ex Loisel., *Lavandula latifolia* Medik., *Lavandula stoechas* L., *Nerium oleander* L., *Olea europaea* L., *Polygala myrtifolia* L., *Prunus dulcis* (Mill.) D.A.Webb agus *Salvia rosmarinus* Spenn. fásadh iad ar láithreán atá faoi réir cigireacht bhliantúil ag an údarás inniúil, agus rinneadh sampláil agus tástáil, a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ar na plandaí sin, ag na tráthanna iomchuí chun an lotnaid shonraithe a aimsiú, trí úsáid a bhaint as scéim samplála lenar féidir leibhéal láithreachta plandaí ionfhabhtaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le muinín 80 % ar a laghad;';

(19) Leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c)(ii):

'(ii) ainm nó cód an láithreáin táirgthe nó na láithreán táirgthe saor ó lotnaidí;';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) (ii):

'(ii) ainm nó cód an láithreáin táirgthe nó na láithreán táirgthe saor ó lotnaidí.';

(20) in Airteagal 35, scriostar míreanna 2 agus 3;

(21) Leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartúcháin ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201

Ceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 mar a leanas:

(1) in Airteagal 32, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfar na seiceálacha sin ar a laghad sna suíomhanna, lena n-áirítear bóithre, aerfoirt agus calafoirt, ina n-aistrítear na plandaí sonraithe ó chriosanna ionfhabhtaithe isteach i gcriosanna maolánacha nó i gcodanna eile de chríoch an Aontais.';

(2) in Iarscríbhinn II, sa liosta 'Plandaí sonraithe atá soghabhálach i leith *Xylella fastidiosa* fospeiceas *multiplex*', scriostar an iontráil '*Salvia apiana Jeps.*'.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1770

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1770 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe 15, pointí 17(b) agus 18(c), agus Airteagal 3 ón 1 Iúil 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

LEASUITHE AR RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1201

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Carya* Nutt.' agus '*Catharanthus roseus* (L.) G.Don':

'*Castanea sativa* Mill.';

(b) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Clematis vitalba* L.' agus '*Coelorachis cylindrica* (Michx.) Nash':

'*Clinopodium nepeta* (L.) Kuntze';

(c) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Coprosma repens* A.Rich.' agus '*Coronilla* L.':

'*Cornus sanguinea* L.';

(d) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Grevillea juniperina* Br.' agus '*Hebe* Comm. ex Juss.':

'*Grevillea rosmarinifolia* A. Cunn.';

(e) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Lonicera japonica* Thunb.' agus '*Lupinus aridorum* McFarlin ex Beckner':

'*Lonicera periclymenum* L.';

(f) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Medicago sativa* L.' agus '*Metrosideros* Banks ex Gaertn.':

'*Mentha suaveolens* Ehrh.';

(g) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Pteridium aquilinum* (L.) Kuhn' agus '*Pyrus* L.':

'*Pyracantha coccinea* M. Roem.';

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad '*Rhamnus* L.':

'*Rhamnus alaternus* L.';

(i) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Scabiosa atropurpurea* var. *maritima* L.' agus '*Setaria magna* Griseb.':

'*Senecio inaequidens* DC.';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) leasaítear an liosta 'Plandaí sonraithe atá soghabhálach i leith *Xylella fastidiosa* fospeiceas *fastidiosa*' mar a leanas:

(i) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Ficus carica* L.' agus '*Genista lucida* L.':

'*Fraxinus angustifolia* Vahl';

(ii) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Juglans regia* L.' agus '*Lupinus aridorum* McFarlin ex Beckner':

'*Liquidambar styraciflua* L.';

(iii) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Psidium* L.' agus '*Rhamnus alaternus* L.':

'*Quercus ilex* L.';

(iv) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Rhamnus alaternus* L.' agus '*Rubus rigidus* Sm.':

'*Rubus ideaus* L.';

(b) leasaítear an liosta 'Plandaí sonraithe atá soghabhálach i leith *Xylella fastidiosa* fospeiceas *multiplex*' mar a leanas:

(i) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Acacia* Mill.' agus '*Acer griseum* (Franch.) Pax':

'*Acer granatense* Boiss.';

(ii) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Carya* Nutt.' agus '*Celtis occidentalis* L.':

'*Castanea sativa* Mill.';

(iii) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Cercis siliquastrum* L.' agus '*Chionanthus* L.':

'*Chenopodium album* L.';

(iv) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Clematis vitalba* L.' agus '*Convolvulus cneorum* L.':

'*Clinopodium nepeta* (L.) Kuntze';

(v) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Coprosma repens* A.Rich.' agus '*Coronilla* L.':

'*Cornus sanguinea* L.';

(vi) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Grevillea juniperina* Br.' agus '*Hebe* Comm. ex Juss.':

'*Grevillea rosmarinifolia* A. Cunn.'

(vii) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Lonicera japonica* Thunb.' agus '*Lupinus aridorum* McFarlin ex Beckner':

'*Lonicera periclymenum* L.';

(viii) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Medicago sativa* L.' agus '*Metrosideros* Banks ex Gaertn.':

'*Mentha suaveolens* Ehrh.';

(ix) cuirtear an méid seo a leanas in ionad '*Rhamnus* L.':

'*Rhamnus alaternus* L.';

(x) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Scabiosa atropurpurea* var. *maritima* L.' agus '*Solidago virgaurea* L.':

'*Senecio inaequidens* DC.';

(3) in Iarscríbhinn III, cuirtear isteach an Chuid D seo a leanas:

'CUID D

Crios ionfhabhtaithe sa Phortaingéil

Áirítear an limistéar seo a leanas sa chrios ionfhabhtaithe sa Phortaingéil:

Réigiún Porto

Cuid de na paróistí seo a leanas atá lonnaithe i mbardasacht Espinho:
Anta e Guetim
Espinho
Silvalde

Paróiste atá lonnaithe i mbardasacht Gondomar:
Gondomar (São Cosme), Valbom e Jovim

Cuid de na paróistí seo a leanas atá lonnaithe i mbardasacht Gondomar:
Baguim do Monte (Rio Tinto)
Fânzeres e São Pedro da Cova
Foz do Sousa e Covelo
Melres e Medas
Rio Tinto

Cuid de na paróistí seo a leanas atá lonnaithe i mbardasacht Maia:
Pedrouços

Cuid de na paróistí seo a leanas atá lonnaithe i mbardasacht Matosinhos:
Custóias, Leça do Balio agus Guifões
São Mamede de Infesta e Senhora da Hora

Paróiste atá lonnaithe i mbardasacht Porto:
Bonfim
Campanhã
Cedofeita, Ildefonso, Sé, Miragaia, Nicolau, Vitória
Paranhos

Cuid de na paróistí seo a leanas atá lonnaithe i mbardasacht Porto:
Aldoar, Foz do Douro e Nevogilde
Lordelo do Ouro e Massarelos
Ramalde

Paróiste atá lonnaithe i mbardasacht Santa Maria da Feira:
Argoncilhe
Fiães
Nogueira da Regedoura
Sanguedo

Cuid de na paróistí seo a leanas atá lonnaithe i mbardasacht Santa Maria da Feira:
Caldas de São Jorge e Pigeiros
Canedo, Vale e Vila Maior
Lobão, Gião, Louredo e Guisande
Lourosa
Mozelos
Santa Maria de Lamas
São João de Ver
São Paio de Oleiros

Bardasacht Vila Nova de Gaia:
Na paróistí uile';

(4) in Iarscríbhinn IV, i gCuid B 'Tástálacha móilíneacha chun fospeicis *Xylella fastidiosa*' a shainaithint', cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'4. PCR fíor-ama bunaithe ar Dupas et al. 2019, lena gcinntear gach fospeiceas (*);

5. PCR fíor-ama bunaithe ar Hodgetts et al. 2021, lena gcinntear gach fospeiceas (**).

_____
(*) DOI: 10.3389/fpls.2019.01732.
(**) DOI: 10.1111/jam.14903.'

IARSCRÍBHINN II

LEASUITHE AR RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1770

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1770 mar a leanas:

(1) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Coffea*' agus '*Lavandula dentata* L.':

'*Lavandula angustifolia* Mill.';

(2) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Lavandula dentata* L.' agus '*Nerium oleander* L.':

'*Lavandula x intermedia* Emeric ex Loisel.

Lavandula latifolia Medik.

Lavandula stoechas L.';

(3) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir '*Prunus dulcis* (Mill.) D.A.Webb' agus '*Solanum tuberosum* L.':

'*Salvia rosmarinus* Spenn.'.